# Iriseoirí Ilmheán Nuachta agus Cúrsaí Reatha

## Conradh 2 bhliain

Is craoltóir náisiúnta teilifíse Gaeilge é TG4 atá lonnaithe i mBaile na hAbhann, Co. na Gaillimhe. Tá ábhar TG4 ar fáil ar gach ardán teilifíse ar fud na hÉireann, ar fud an domhain ar an idirlíon agus ar ardáin dhigiteacha. Is craoltóir-foilsitheoir seirbhíse poiblí é TG4 a fhaigheann formhór a ábhair ó earnáil na léiritheoirí neamhspleácha, ábhar a bhfuil duaiseanna agus gradaim go leor buaite aige. Tá TG4 ag féachaint faoi láthair ar Iriseoirí Ilmheán a earcú do sheirbhís dhigiteach nuachta.

Is í an Ghaeilge teanga oibre TG4 agus mar sin tá sé riachtanach Gaeilge den scoth a bheith ag iarrthóir, idir scríobh agus labhairt na teanga. Is fostóir comhdheiseanna é TG4 agus déanfar iarratais incháilithe a mheas beag beann ar inscne, gnéaschlaonadh, aois, taithí shóisialta, cine agus eitneacht, éagumas, stádas sibhialta an teaghlaigh, creideamh nó ar duine den Lucht Siúil atá i gceist. Tá TG4 i bhfabhar na héagsúlachta. Fáilteoidh muid roimh iarratais ó dhaoine ó chúlraí éagsúla.

Ag tuairisciú don Cheannaire Nuachta & Cúrsaí Reatha, agus ag obair go laethúil le hEagarthóir Nuachta, beidh na hiarrthóirí a n-éiríonn leo freagrach as scéalta nuachta digiteacha a chur ar fáil agus a léiriú. Beidh obair ar seal agus obair deireadh seachtaine i gceist leis na poist seo.

**I measc na gcúraimí a bheidh i gceist, gan bheith teoranta dóibh, beidh;**

- Scéalta nuachta a aimsiú agus a léiriú, idir scríobh, taifeadadh físe nó fuaime, ar ardchaighdeán d'ardáin dhigiteacha Nuacht agus Cúrsaí Reatha TG4.
- Scéalta nuachta a scríobh i nGaeilge agus a chur ar fáil don suíomh nuachta agus don Eagarthóir Nuachta.
- Moltaí a thabhairt agus a ghlacadh maidir le scéalta agus pleanáil chun cinn.
- Scéalta a chur i láthair ar cheamara nó mar ghearrthóga fuaime le béim ar an nuacht ghearrfhoirme do na meáin shóisialta.
- Cur chuige nuálaíoch a ghlacadh maidir leis na hardáin dhigiteacha agus na hardáin meán sóisialta agus suim a chur san iriseoireacht sa réimse seo.
- Aon dualgais bhailí eile a iarrann Bainisteoir, Stiúrthóir na Rannóige nó an tArd-Stiúrthóir ort a chomhlíonadh.

*Tabhair faoi deara: Is treoir atá sa sainchuntas poist seo maidir le réimsí éagsúla freagrachta agus cuntasachta agus níor cheart breathnú air mar liosta cuimsitheach. D'fhéadfadh an sainchuntas poist a bheith faoi réir athbhreithnithe i bhfianaise struchtúir nua agus / nó athrú a bheith ag teacht ar riachtanais TG4.*

Bíonn tionscal na teilifíse ag síorathrú. Glacann TG4 go fonnmhar leis na hathruithe seo agus athróidh an comhlacht agus dualgais na foirne dá réir.

**Taithí riachtanach don Phost:**

- Cáilíocht 3ú leibhéal san iriseoireacht nó taithí dhá bhliain ar a laghad san iriseoireacht.
- Ábalta cóipscríbhneoireacht a dhéanamh agus scripteanna a scríobh d'fhíseáin ar líne
- Ábalta taighde a dhéanamh
- Eolas a bheith agat ar dhlí na meán in Éirinn agus ar chód nuachta Choimisiún na Meán.
- Eolas agus tuiscint ar phobal na Gaeltachta agus na Gaeilge agus ar na scéalta nuachta a spreagann iad.
- Suim sa scéalaíocht dhigiteach do chúrsaí nuachta.
- Cruinneas i scríobh agus labhairt na Gaeilge
- Scileanna scríbhneoireachta agus profála.
- Tuiscint ar SEO/Wordpress nó ar chórais foilsithe eile.
- Suim san fhorbairt ghairme agus ábalta córais nua a fhoghlaim go tapa.
- Sásta freastal ar chúrsaí oiliúna de réir mar a éilíonn TG4.
- A bheith in ann glacadh le treoir agus comhoibriú le hiriseoirí agus foirne eile
- A bheith fiosrach agus suim a bheith agat i nuacht agus cúrsaí reatha Gaeltachta, Náisiúnta agus Idirnáisiúnta
- Is buntáiste é eolas a bheith agat ar fhoilsiú ar líne, ar léiriú físeán agus ar léiriú fuaime digití.

Éireoidh leat sa ról seo más duine tú atá ábalta oibriú go muiníneach, go solúbtha agus go héifeachtach as do stuaim féin i dtimpeallacht spreagúil agus faoi bhrú ama.

**Iarrtar ar iarrthóirí CV agus litir chlúdaigh do phost an Iriseora Ilmheán físeán gearr fút féin agus roinnt samplaí de do chuid oibre a sheoladh chuig cv@tg4.ie roimh 4pm Dé hAoine an 1 Bealtaine 2026.**

**Eolas Breise don Iarratasóir**

**Tuarastal**: Grád 5

**Uaireanta Oibre:**

Is post ar seal 78 uair sa choicís a bheidh sa phost seo. Táthar ag súil, mar gheall ar riachtanais an phoist, go mbeifeá solúbtha ó am go ham, i.e. go mbeifeá sásta, scaití, oibriú lasmuigh d'uaireanta oifige, ag an deireadh seachtaine agus ar laethanta saoire bainc. Tá an teidlíocht ar shaoire le haghaidh laethanta saoire poiblí de réir théarmaí an Achta um Eagrú Ama Oibre, 1997.

**Laethanta Saoire:**

Beidh tú i dteideal 23 lá de shaoire íoctha in aghaidh na bliana.

**Pinsean:**

Tá baill foirne TG4 i dteideal dul isteach i nGrúpscéim Pinsin TG4 faoi réir théarmaí aon scéime atá ann cheana.

**Taisteal:** Beidh taisteal in Éirinn, agus thar lear ó am go chéile, i gceist mar chuid den ról seo.

**Buntáistí eile a bhaineann le bheith ag obair i TG4:**

| | |
|---|---|
| • Deiseanna Oiliúna agus Forbartha<br>• Saoire Staidéir agus Scrúduithe | • Táillí Ballraíochta Gairmiúla<br>• Pinsean Ranníocach<br>• An Clár Cúnaimh d'Fhostaithe<br>• An Scéim um Rothaíocht chun na hOibre |